

**Aire!** I dteannta leis na treoracha agus na sonraí seo, ar cuid de cháipéisíocht an táirge iad, ní mór aird a thabhairt agus stóráil a dhéanamh ar cháipéisíocht ar nós na dtreoracha coimisiúnaithe agus cothabhála, léaráid/léaráid nasctha, an TAM 00697 d'fheidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht, agus na treoracha d'fheistiú páirteanna (e.g. coscáin, ionchódóir, tiomáint).

### 1. Ginearálta

I mótar leictreacha bíonn páirteanna rothlacha agus páirteanna a d'fhéadfadh a bheith beo fiú má tá siad ina stad, chomh maith le dromchlaí teo.

Gach obair a bhaineann le hiompar, nasc, coimisiúnú agus cothabháil thréimhsiúil ba cheart go ndéanadh pearsanra teicniúil cáilithe, cúramach é (tabhair aird ar EN 50110-1/VDE 0105; IEC 60364). D'fhéadfadh **gortuithe pearsanta tromchúiseacha nó damáiste do mhaoin** a tharlú de bharr iompair míchuí.

Cuirfead san áireamh riachtanais infheidhme náisiúnta, áitiúla agus sonrach do chóras.

Ní mór aird a thabhairt ar an bhfaisnéis sábháilteachta sa cháipéisíocht agus ar na comharthaí rabhaidh agus treorach atá greamaithe den mhótar.

### 2. Úsáid Bheartaithe

Is do shuiteálacha tráchtála na mótaí seo.

Comhlíonann siad caighdeán comhchuibhithe na sraithe **EN 60034**. Tá cosc ar a n-úsáid i nguailmistéir, ach amháin más chuige sin go sonrach iad (féach treoracha breise).

Déantar na mótaí a ghrádú do theocht chomhthimpeallach de **+ 0 °C go + 40 °C** agus airde  $\leq 1000$  m os cionn leibhéal na farraige. Ní mór aird gan teip a thabhairt ar aon fhaisnéis dhifriúil ar na plátaí grádaithe. Ní mór go gcomhlíonadh na dálaí ar an láthair na sonraí ar fad dar tugadh ar an bpláta grádaithe

Is fearais leictreacha iad na mótaí trí phas de réir threoir ísealvoltais an AE alt 1. Tá cosc ar choimisiúnú go dtí go ndeimhntear go bhfuil an críochtháirge i gcomhréir leis an treoir seo (féach **EN 60204-1**).

Comhlíonann mótaí trí phas riachtanais **threoir ísealvoltais an AE** (lena thuilleadh eolais a fháil ar seo féach an dearbhú comhréireachta lena bhaineann)

Caitheadh úsáid cheart an mheaisín/innealra riachtanais chosanta **threoir EMC an AE** a chomhlíonadh. Is é an té a dhéanann an tsuiteáil agus an té a sholáthraíonn an córas atá freagrach as an suiteáil a bheith déanta i gceart (e.g. línte comhartha agus cáblaí cumhachta a bheith scartha, sciath ar línte agus ar cháblaí, dóthain talmhúcháin, bearta i gcoinne sruthanna imthaca etc.) Ní mór aird a thabhairt ar threoracha EMC maidir leis an **tiontaire cumhachta**-, **ionchódóir** - agus **déantóir na gcoscáin**!

Tá sé riachtanach go gcloítear le **TAM 00697** nuair atá mótaí trí phas á n-úsáid i bhfeidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht.

### 3. Iompar, stóras

I gcás mótar a bhfuil imthacaí rollach sorcóireach iontu ní mór armatúr na sábháilteachta iompair a bheith blocáilte, ag taobh an tseaftha chun díobháil le linn iompair a sheachaint. Cuir aon damáiste a thugtar faoi deara tar éis a sheachadadh in iúl don chuideachta iompair - más gá, **ná coimisiúnaigh**. Caitheadh gléasanna ardaíthe, gléasanna iompair agus gléasanna crochta ualaigh na rialacháin a chomhlíonadh. Ní foláir cloí le rialacháin na dtíortha faoi seach le linn iompair. Bain aon **teanntán iompair** sula gcoimisiúnaítear. Nuair a bhíonn na mótaí á stóráil, cinntigh go bhfuil an áit **tirim, saor ó dheannach** agus go bhfuil sé ar **chrith íseal** ( $V_{eff} \leq 0.2$  mm/s; baol damáiste d'imthaca is é ina stad). Ní mór cosaint oiriúnach ar chreimeadh a chur i bhfeidhm mar is le haghaidh a iompair amháin a dearadh an pacáistíú. Chun damáiste seaca ar mhótaí uiscefhuaraithe ag teocht chomhthimpeallach  $< 3$  °C a sheachaint ní mór an **t-uisce fuaraithe a dhraenáil!**


### 4.

Cinntigh go bhfuil an dromchla taca cothrom, go bhfuil gléasadh coise agus feire maith ann agus go bhfuil sé ailínithe go cruinn i gcás cúbláin dhúbailte. Seachain athshondas le minicíocht rothlach agus minicíocht príomhchumhachta dhúbailte ar féidir a tharlú le linn cóimeála. **Seiceáil an treo rothlaithe** is é díscrtha (féach Cuid 5). Bain na heilimintí tiomána (ulóg coscáin, cúblán etc.) le gléas **oiriúnach** (e.g. téamh) agus clúdaigh le sciath **cosanta** le tadhall trí thimpiste a sheachaint. Seachain ualaigh iomarcacha (e.g. teannais chreasa) (féach an catalóg, sonraí teicniúla).

Tá an cothromaíocht le feiceáil ar aghaidh thaobh an tseaftha nó ar an bpláta grádaithe (**H** = leath-, **F** = eochair iomlán). Is na heilimintí tiomána á suiteáil, seachain an chothromaíocht!

I gcás dearadh leatheochrach, bain páirt na heochrach feistithe atá **le feiceáil ag gobadh amach**.

Moltar téastar do na múnlaí a bhfuil deirí na saftaí ag féachaint síos; leis na múnlaí a bhfuil deirí na saftaí ag féachaint suas ní mór bearta a chur i bhfeidhm lena gosaint ó theacht isteach uisce san imthaca.



Ná cuir bac ar **aeráil an mhótaí!** Ná lig d'aer sceite, ó na haonaid chliathánacha ach oiread, a tharraingt isteach. Tá sé fíorthábhachtach teagmháil a dhéanamh le déantóir an mhótaí i gcás ina bhfuil an **tsuiteáil á déanamh taobh amuigh**.

### 5. Nascadh leictreach agus coimisiúnú

Ní féidir ach le pearsanra teicniúil cáilithe obair a dhéanamh ar an mótar le linn dó a bheith ina stad agus **díscrtha** ón gcumhacht agus daingnithe i **gcoinne tuis neamhúdaraithe**.

#### Seiceáil náidphóitínseal!

Baineann sé seo leis freisin i gcás ciorcad cumhachta cúntacha (e.g. suiteáil teasa do-aistrithe, coscán, aerálaí). Má sháraítear leibhéal lamháiltais de réir EN 60034-1 - voltas  $\pm 5$  %, minicíocht  $\pm 2$  %, tonnchruth, siméadracht - tarlaíonn teocht méadaithe a théann i bhfeidhm ar chomhoiriúnacht leictreamhaignéadach. Tabhair aird ar na marcanna pláta grádaithe chomh maith leis an léaráid nasctha sa bhosca teirminéail.

Ní foláir an nasc a dhéanamh ar shlí a thabharfaidh nasc leictreach atá **buan agus sábháilte** (gan deirí sreang scaoilte). Úsáid na teirmineáil chábála chearta. Cuir **nasc seoltóra cosantach** ar bun. Coimeád **glanadh** idir pháirteanna beo gan inliú agus an talmhú.

**Ná** bíodh aon pháirt scaoilte, d'fhéadfadh salachar nó taise a bheith sa bhosca teirminéail. Tar éis don nasc a bheith déanta, dún an bosca teirminéail agus cinntigh go bhfuil sé uisce-obach.

Le hoiúintí a nascadh agus a shuiteáil (e.g. ionchódóirí, bíog-ghineadóirí, coscáin, braiteoirí teochta, monatóirí aersrutha...), lean go dlúth an **fhaisnéis lena mbaianann**. Má tá amhras ort, téigh i gcomhairle leis an déantóir. Le mótaí a bhfuil **coscáin** orthu, seiceáil a bhfeidhmiúlacht sula ndéantar coimisiúnú.

Ná hoibrigh mótar gan na gléasanna cosanta cuí. Ní féidir an mótar a shuiteáil i nguaislimistéir shuiteála eile. Ní féidir damáiste a bheith déanta dó agus ná coimisiúnaigh meaisín a bhfuil damáiste déanta dó. Ní mór cloí le dálaí timpeallachta de réir catagóire deimhnithe aeráide.

#### **6. Oibriú**

Le linn a oibríthe, ní mór aird a thabhairt ar **dhéine creatha** de réir **DIN ISO 10816** i limistéar na n-imthacaí is iad i gcúpláin.

Má imítear óna ghnáthoibriú - e.g. **teocht níos airde, torann, crith** - ní mór an mótar a mhúchadh má tá amhras. Deimhnigh cad is cúis leis, más gá téigh i gcomhairle leis an déantóir. Don triail tástála gan na heilimintí tiomána, **daingnigh an glaseochair** agus ná seachthreoraigh nó ná múch na gléasanna cosanta.

I gcás deascán salachair troma, glan na bealaí aeir úir go tréimhsiúil agus téigh i gcomhairle leis an déantóir le beart cosanta eile a fháil.

Athchuir imthacaí agus athraigh an ghréisc de réir threoracha an déantóra nó an phláta ghrádaithe. Athghréiscigh cóimeáil na n-imthacaí le gléas athbhealaithe le linn don mhótar a bheith ag feidhmiú. Cloígh leis na treoracha ar an bpláta grádaithe! Ní mór feidhm an choscáin agus an inchódóra a smachtú go leanúnach le linn na hoibríochta.

#### **7. Cothabháil agus seirbhísiú**

Tabhair aird riamh ar fhaisnéis faoi choimisiúnú na dtáirgí agus ar na treoracha cothabhála agus iniúchadh nó obair chothabhála ar siúl. Tar éis do mhalartú nó do dheisiú an choscáin ní mór an torc a chinntiú.

#### **8. Díchoimisiúnú agus Diúscairt**

Ní mór an mótar a dhíúscairt de réir rialachán náisiúnta agus áitiúla le linn gnáthphróisis ábhair